

# ❖ An Lúibín ❖

10 Deireadh Fómhair 2008

## Gaeilge na hAstráile

*Irish-language terminology for Australian flora and fauna can be found, and discussed, on [www.iorarua.com](http://www.iorarua.com).*

Tá Gaeilge Ghriandóite (focail agus téarmaí Gaeilge a chuireann dúchas na hAstráile i gcéill) le fáil anois ar [www.iorarua.com](http://www.iorarua.com). Gheobhaidh tú ansin liostaí d'ainmneacha Gaeilge a d'fhéadfaí a thabhairt ar phlandaí agus ainmhithe na tíre, in éineacht le fóram díospóireachta. Téigh go dtí *Living Language: Use & Share > World Irish*, agus lean ort. Focail Astrálacha amháin atá á bplé faoi láthair, ach b'fhéidir go leathnódh an díospóireacht feasta.

Colin Ryan agus Val Noone a sholáthair na liostaí, agus pléadh cuid den ábhar le linn na Daonscoile deireanaí. Tá glaoch ar chora cainte agus ar fhocail a bhfuil fíorbhlas Astrálach orthu (*jillaroo*, *Buckley's* agus eile) ach ní mór a aithint gurb é Béarla Mheiriceá is mó a théann i bhfeidhm ar Bhéarla na hAstráile anois, a bhuíochas sin ar na cosúlachtaí cultúrtha agus polaitiúla atá idir an dá thír. Fágann sin, b'fhéidir, nach mór an tairbhe dul ar thóir leaganacha Gaeilge de dhornán gnáthfhocal Astrálach. Is mó is fiú cur leis an téarmaíocht a bhaineann leis an dúlra, agus sin obair a bheidh ar siúl go ceann i bhfad, fiú amháin agus a lán cineálacha éan agus ainmhithe i mbaol a ndíobhaidh.

Tá an Ghaeilge á tabhairt cun tíorachais, rud a thosaigh fadó agus atá faoi lán seoil anois. Dála an scéil, an té atá ar lorg focail Ghaeilge atá ar chomhbhrí le ghnáthchaint na hAstráile, gheobhaidh sé cuid mhaith den ábhar sna foclóirí atá ann cheana ach é a chuardach: féach, mar shampla, 'billycan' – *canna tae* (Ó Dónaill).



## Logainm.ie

*A new site that lets you find any Irish placename (even that of the smallest townland) in English or Irish.*

As baile fearainn darb ainm *Crannavone* i ndeisceart Thiobraid Árann do chuid dár muintir, agus is fada sinn ar lorg an leagain Ghaeilge, rud nach raibh le fáil againn ar léarscáil ná ar leabhar. Anois tá sé againn: *Crunn(a)mhóin*.

Ó [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) a fuarthas an t-eolas: suíomh nua a bhfuil timpeall 100,000 logainm Éireannach le fáil air, agus a bhfuil an-tóir air. Is féidir leat an áit atá uait a chuardach de réir cúige, contae agus mar sin de, agus b'aisteach an scéal é mura raibh tú in ann an áit sin a fháil. Tá fuaimniú logainmneacha i gCo Phort Láirge, Co na Gaillimhe agus Co Dhún na nGall le cloisteáil ann freisin. Ba chóir d'Astrálaigh go háirithe fáilte a chur roimh an suíomh seo agus an oiread sin againn ar thóir na sinsear.

B'fhada an taighde áitiúil a rinneadh chun teacht ar an eolas, agus táthar chun an suíomh a fheabhsú de réir a chéile. *Fiontar*, buíon de chuid Ollscoil Bhaile Átha Cliath, a chuir an suíomh ar bun, faoi choimirce na Brainse Logainmneacha den Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. (Tá leabhar le fáil ón mBrainse freisin agus liostaí de logainmneacha iontu.)



## Raidió pobail

*Two community radio stations on the Web that broadcast entirely in Irish.*

Don té a úsáideann an Ghaeilge i dtíortha nach Éire iad, is í Éire foinse na craoltóireachta Gaeilge fós – Raidió na Gaeltachta, BBC Uladh agus, ar ndóigh, Raidió na Life, stáisiún mór pobail i mBaile Átha Cliath a thraenáil a lán craoltóirí atá ag obair anois in áiteanna eile. Ar nós stáisiúin eile na Gaeilge tá Raidió na Life le fáil ar an Idirlíon, agus is féidir a chuid clár a chloisteáil ar [www.rnl106.com](http://www.rnl106.com). Bhí sé ar an gcéad stáisiún Gaeilge a thug aird ar leith ar an gceol nua-aoiseach agus ar an saol comhaimseartha. Anois tá sé ag ceiliúradh cúig bliana déag agus ag craoladh fiche uair in aghaidh an lae, agus beidh clár nua ar siúl ar feadh na bliana chun cuimhne na staire a choinneáil beo.

I mBéal Feirste a bhfuil Raidió Fáilte le fáil (Raidió Fáilte 107fm) agus tacaíocht á fáil aici ón gComhairle Chathrach. Tíocfaidh tú uirthi ag [www.raidiofailte.com](http://www.raidiofailte.com), agus is snasta an suíomh é, sceideal agus pictiúir ann agus naisc le heagraíochtaí Gaeilge. Tuin bhinn an Tuaiscirt.



## An Ghaeilge sa síneadh fada

*News from the savants of the Green Isle: The Gaeltacht is almost gone, speakers of Irish as a second language lack institutional support, and opportunities for daily use of the language are limited. Even Irish-medium schools rely largely on teachers whose grasp of the language leaves something to be desired. Comprehensive long-term planning is essential, but the will must be there to put the plans into effect.*

An té ar mian leis léargas a fháil ar staid na Gaeilge in Éirinn faoi láthair, b'fhiú dó alt spreagúil le Breandán Mac Cormaic a léamh a tháinig amach ar *Feasta* i Mí Mhárta 2008 ([www.feasta.ie](http://www.feasta.ie)). Alt é atá bunaithe ar óráid a thug Breandán ag Tóstal na Gaeilge i nGaillimh ar 23/2/08: *An Stát, an Roinn Oideachais agus an Idé-eolaíocht*.

Chuir sé roimhe ceist an oideachais ó thaobh na Gaeilge de a scrúdú ar dhá bhealach: soláthar oideachais agus Gaeilge ar gach léibhéal sna gnáthscoileanna, agus an soláthar céanna i scoileanna Gaelscolaíochta agus Gaeltachta.

Ní mó ná sásta atá sé le feidhmiú na Roinne Oideachais: 'Tá easpa tuisceana, easpa saineolais agus easpa bá sa Roinn Oideachais i leith na Gaelscolaíochta agus an oideachais Ghaeltachta'. Deir sé freisin go bhfuil fabhbanna bainistíochta sa Roinn, fadhbanna nach mbaineann leis an nGaeilge amháin, agus gur deacair atheagar a chur ar dhrochnósanna riaracháin in eagraíocht ar bith.

Chomh maith leis, a deir sé, níl de nós ag na hÉireannaigh pleanáil chuimsitheach fhadtréimhseach a chleachtadh, rud a bhaineann le stair agus sainpholaitíocht na tíre. Is é an chliantachas áitiúil a bhíonn chun tosaigh, rud a spreagann pleanáil ghearrthéarmach. Ach caithfidh pleanáil teanga a bheith fadtréimhseach, agus is é tuairim mo dhuine go mbeidh sé an-deacair ag an Stát beartais Ghaeilge a chur i bhfeidhm go rianúil.

Is léir dó gur fadhb ar leith í staid na teanga mar theanga phobail, sa mhéid

- (a) go bhfuil an Ghaeilge i gcrúachás sa Ghaeltacht mar theanga phobail, agus má leanann cúrsaí ar aghaidh mar atá, nach fada a bheidh sí ina teanga phobail ann, agus
- (b) go bhfuil teipthe glan ar Ghluaiseacht na Gaeilge teanga phobail a dhéanamh den Ghaeilge in áit teanga institiúide, agus mar theanga institiúide nach mairfidh sí sa síneadh fada.

Sa Ghalltacht, mar a deir sé, níl an teanga á seachadadh ó ghlúin go glúin sa teaghlach, ach í á foghlaim mar an dara theanga. Cuireann na scoileanna glúine de Ghaeilgeoirí amach as éadan a chéile, ach is cainteoirí dúchais Béarla formhór mór na ndaoine (98%) a bhfuil an Ghaeilge acu mar an

dara teanga. Níl an Ghaeilge beo ach sna scoileanna agus sa bheagán foras a fheidhmíonn trí Ghaeilge: na heagraíochtaí Gaeilge, cuid de na meáin, ranna áirithe ollscoile agus mar sin de.

Tá an ceart aige, gan amhras, nuair a deir sé nach í scoth na Gaeilge atá ag formhór na gcainteoirí sin, agus nach mór an deis atá acu an teanga a chleachtadh; caighdeán an chainteora dhúchais nó gar dó atá ag teastáil sula féidir le duine lánúsáid a bhaint as teanga sa ghnáthsaoil, go háirithe i lúb chuideachta.

Deir mo dhuine gur mar a chéile iad na heagraíochtaí úd go léir sa mhéid go bhfuil dlúthbhaint acu leis an Stát, rud atá go maith ar shlí agus go dona ar shlí eile. Tá forais ann, leithéid na ngaelscoileanna, a bhaineann tairbhe as maoiniú an Stáit; ach ní maith an rud a bheith i dtuilleamaí an Stáit ar fad, mar cothaíonn sin meon spleách.

Tá pleananna ann, ach ceist eile is ea iad a chur i bhfeidhm. Tá go leor fianaise ann ó mholtaí agus ó pleananna a rinneadh cheana gur beag seans go gcuirfí plean ar bith i bhfeidhm ina iomláine.

Déanann Breandán Mac Cormaic féin roinnt moltaí, agus orthu sin tá bunú Coláiste Oideachais lán-Ghaeilge, bíodh sé ina choláiste neamhspleách nó ina chuid de choláiste eile. Tá de chlú ar na scoileanna lánGhaeilge go bhfuil scoth teagaisc le fáil iontu, agus is iad na hoidí an chuid is tábhachtaí den oideachas: 'Mar is eol daoibh níl oiliúint sa Ghaeloideachas nó in oideachas Gaeltachta á tabhairt d'ábhair mhúinteoirí faoi láthair, agus ní bhfuair céatadán ard de na múinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge féin oideachas lán-Ghaeilge'.

Déanann sé tagairt do shuirbhé a rinne Caoimhe Máirtín arú anuraidh faoin scéal seo, agus ag seo cuid den eolas a bhailigh sí:

Tagann 25% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna ón nGaeltacht; tá 15% eile ann a fuair bunscolaíocht agus meánscolaíocht lánGhaeilge. Níl taithí ag 60% de mhúinteoirí na nGaelscoileanna ar fhoghlaim trí Ghaeilge. An easpa oiliúna seo is cúis le cuid mhaith de scoileanna lánGhaeilge gan tumoideachas iomlán a chleachtadh sa chéad bhliain, agus ní mór aird a thabhairt ar chaighdeán Gaeilge na n-oidí sna scoileanna go léir.

Mar gheall ar Ghaeilge na múinteoirí sna scoileanna lánGhaeilge, léirítear an méid seo:

- braitheann 34% de phríomhoidí nach bhfuil ardchaighdeán Gaeilge ag roinnt de na múinteoirí
- braitheann 27% de phríomhoidí go bhfuil meath tagtha ar chaighdeán na Gaeilge sa scoil toisc gan Ghaeilge an-mhaith a bheith ag na múinteoirí
- tá 57% de phríomhoidí buartha faoi chaighdeán na Gaeilge scríofa atá ag roinnt de na múinteoirí

Molann Breandán freisin go mbunófaí 'gréasán tacaíochta' do dhaltaí na scoileanna lánGhaeilge agus Gaeltachta, agus go mbeadh a leithéid ann do mhicléinn tríú leibhéal. Ní féidir leis na scoileanna lánGhaeilge, dá fheabhas iad, an teanga a shlánú mura gcothaíonn siad pobal Gaeilge agus go n-éiríonn le méid éigin teaghlach Gaeilge a úsáid sa bhaile fad is atá na páistí ar scoil. Caithfidh siad an Ghaeilge a láidriú i measc an phobail i gcoitinne, agus a chinntiú go mbeidh cuid de gach glúin líofa sa teanga. Ní ciallmhar an mhaise é a bheith ag súil go ndéanfadh cainteoirí dúchais Béarla i bpobal Béarla caidreamh lena chéile trí Ghaeilge gan tacaíocht éigin.

Is léir ó na figiúirí atá le fáil anois, ar ndóigh, gur díomá atá i ndán do na daoine a mheasann gur féidir an Ghaeltacht a 'shábháil'. Tá an teanga i mbéal báis ann. Tá an ceart ag Breandán agus aird á tabhairt aige ar an nGalltacht, an t-aon áit amháin ar féidir an teanga a chur chun cinn anois, go fiú agus gan ceart na teanga ag mórán Gaeilgeoirí. Tá baint ag an méid sin leis an 'straitéis fiche bliain' atá á ullmhú i ngeall ar an teanga, straitéis a chuir an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, síos

uirthi ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2008: 'Tá sé tábhachtach nach ligfimis i ndearmad, áfach, nach fiú tráithnín féir aon straitéis mura gcuirtear i bhfeidhm í'.

Dúirt an Coimisinéir go bhfuil athruithe móra i ndán d'Éirinn: 'Caithfidh an straitéis teanga dul i ngleic leis an gcineál nua saoil anaithnid sin agus iarracht a dhéanamh múnla a dhéanamh ar na toisí teanga a bhainfidh leis'. Is é is cuspóir don straitéis go mbeadh 250,000 duine ag labhairt na Gaeilge go laethúil faoi cheann 20 bliain – sin méadú 6% ar an líon Gaeilgeoirí in aghaidh na bliana, i dtreo go mbeadh an líon cainteoirí laethúla Gaeilge 350% níos airde ná mar atá faoi láthair. Rinne an Coimisinéir tagairt don 450,000 duine a dúirt i ndaonáireamh na bliana 2006 gur úsáid siad an teanga gach lá laistigh den chóras oideachais ach nár úsáid í ar chor ar bith amuigh. Beartas ardaidhmeannach an straitéis, agus déarfá go bhfuil amhras ag an gCoimisinéir féin gur féidir í a chur i gcríoch. Ach tabharfar faoi.



### **Gaeilge ar ais**

*County Clare, once the site of a Gaeltacht, may see another Gaeltacht arise.*

Ar scéalta rúndiamhra na Gaeilge tá imeacht na teanga as Co an Chláir. Bhí sé ina Ghaeltacht chomh láidir is a bhí le fáil, agus is iomaí Clárach a thug an teanga chun na hAstráile leis, ach tháinig an Béarla i dtreis agus d'imigh an Ghailge ar fad. Anois tá an roth ag dul thart sa chontae: táthar ag iarraidh stádas Gaeltachta a bhaint amach, iarracht a dtugtar 'Gaeilge Ar Ais' uirthi. (Féach tuairisc ar *Lá Nua*, 1/9/08.)

Ní léir ar fad cén bunús atá leis an gcuspóir seo. Deir 48.8% de bhunadh an chontae (a bhfuil 106,000 duine ann) go bhfuil Gaeilge acu, más fíor, ach is iomaí Éireannach a dúirt é sin agus gan aige i ndáiríre ach an cúpla focal. Is cinnte nach mbeadh an teanga ó dhúchas ag aon duine sa chontae anois, cé go raibh Gaeilge ag 80% den phobal ar a laghad i rinn Chorca Baiscinn chomh déanach leis an mbliain 1926 agus neart Gaeilge le fáil in iarthar an chontae. Gaeilge athnuaite atá i gceist anois, agus cúrsaí á stiúradh ag Coiste Forbartha Gaeltachta Chontae an Chláir. Tá lámh ag an gConradh sa scéal agus plean ocht mbliana ceaptha. (Cad a dhéanfadh lucht labhartha Gaeilge gan a cuid pleananna?) Deirtear go ndeachaigh sampla Ghaeltacht Cheanada i gcion ar Ghaeilgeoirí an chontae, agus gur mhaith leo Gaeltacht oifigiúil a dhéanamh de Chorca Baiscinn ar dtús.

Tá ranganna ar bun, ach ní féidir aon rud atá cosúil le Gaeltacht a bhunú mura bhfuil pobal ceart cainteoirí in aon áit amháin agus a gclann á tógáil leis an teanga. Sin ata mar aidhm ag an meitheal oibre, agus is ábhar mór suntais an fiontar go léir, cé gur beag é líon na ndíograiseoirí. Má éiríonn leo an teanga a chur á labhairt arís mar chaint nádúrtha bhaile bhig nó dhó, beidh gaisce déanta acu a rachaidh i bhfeidhm ar fud na tíre agus thar lear féin.



### **Muintir an Oileáin**

*Marvellous art from the indigenous custodians of a remote Australian island.*

Tá taispeántas iontach tar éis críochnú i Melbourne, pictiúir le seachtar ban ó oileán beag i dtuaisceart na hAstráile. Tá duine acu ar shlí na fírinne anois; seanmhá is ea an chuid eile, agus ar éigean atá Béarla acu. Baineann siad leis na *Kaiadilt*, pobal beag Bundúchasach ó oileán a dtugtar Bentinck air i mBéarla, agus arbh iad na hOllanaigh na chéad Eorpaigh a tháinig air sa bhliain 1623. D'éirigh leis na Kaiadilt na hEorpaigh a sheachaint, tríd is tríd, go dtí na daichidí, an tráth a thosaigh taoidí móra ag bá an oileáin. Bhí orthu dul anonn go dtí na misinéirí ar oileán eile, agus cumha orthu i gcónaí i ndiaidh a n-áite dúchais. Lá éigin chuaigh duine de na seanóirí mná úd isteach i lárionad ealaíon agus rug ar chleiteán; lean an chuid eile í agus thosaigh siad ag déanamh pictiúir spleodracha dá n-oileán féin.

Téann na seanóirí ar ais go rialta anois, agus é de chúram ar gach duine acu aire spioradálta a thabhairt do réimse áirithe den oileán. Ní raibh baint ar bith ag an bpéinteáil le sean-nósanna a muintire, ach anois ní féidir í a dhealú amach óna ndúchas. Stíleanna difriúla atá i gceist agus aon chuspóir amháin acu – oidhreacht agus nádúr an oileáin a léiriú. Mura raibh eolas éigin agat ar an ábhar déarfá gur pictiúir áille theibí iad, iad gléigeal le dathanna – dearg, bándearg, buí, gorm, bán agus dubh – agus na foirmeacha suite go máistriúil. Má tá treoir agat feiceann tú rud níos doimhne.

Is iad na healaíontóirí atá i dtreis, Mirdidingkingathi Juwarnda Sally Gabori, Kuruwariyingathi Bijarrb Paula Paul, Wirrngajingathi Bijarrb Dawn Narantjil, Birrmuyingathi Maali Netta Loogatha, Rayarriwarrtharrbayingat Amy Loogatha, Warthardangathi Bijarrb Ethel Thomas, agus M.M. (de réir an nós thraidisiúnta ní luaitear ainm na mhairbh). Chuirfeadh a lán de na saothair seodra i gcuimhne duit – clocha geala, slíogáin ina bpointí agus ina gciorcail, oisrí agus gaistí éisc; os a chionn sin tá plánaí leathana datha ann agus stríocanna cuanna. Is é an pictiúr is mó agus is draíochtúla an ceann a rinne siad i dteannta a chéile – *Sweers Island 2008*, íomhá atá ina cuar tréan filiúnta agus í beo le dathanna.

Is fada an tOllamh Nicholas Evans ó Ollscoil Náisiúnta na hAstráile (ANU) ag déanamh staidéir ar na Kaiadilt. D'fhoghlaim sé a dteanga, Kayardild (teanga nach mbeidh de chainteoirí aici ach eisean amháin, b'fhéidir, nuair a rachaidh na seanóirí abhaile), agus deir sé:

Murab ionann is na treibheanna i mórán áiteanna san Astráil, ní raibh ach na traidisiúin ba chaoile ag na Kaiadilt i gcúrsaí ealaíne – ornáidí simplí colainne agus ceirdeanna sreinge – agus ní haon áibhéil a rá gur chum na healaíontóirí seo stíl úrnua phéintéireachta. Agus sinn ag féachaint ar pictiúir daoine a chaith a saol ag scrúdú an domhain ar bhealach áirithe, bealach a ndeachaigh cladach, muir agus dinnseanchas i gcion air agus gan traidisiún ealaíne ann, cuirtear i gcuimhne dúinn gur mó an bhaint atá ag an ealaín leis an amharc ná leis an stíl.

Bhí an taispeántas ar siúl anuas go dtí 4/10/08 i nDánlann Alcaston, Fitzroy, dánlann a bhfuil speisialtacht déanta d'ealaín Kaiadilt aici. Le modhanna nua-aoiseacha – péint shaorga phoileistir ar línéad – a léiríonn na healaíontóirí a ndúchas, agus déantar draíocht leo.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).*